Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

9205/25

LIMITE

JAI 647
MIGR 183
COMIX 150
*CH*
*IS*
*LI*
*NO*

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0059 (COD)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Páipéar ón Uachtaránacht maidir le haitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstáit eile |

Le blianta beaga anuas, is tosaíocht ar ár gclár oibre é an beartas um fhilleadh a bheith níos éifeachtaí. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí a áirithiú go mbeidh beartas againn a fheidhmíonn go héifeachtach agus go n-éireoidh linn líon na bhfillteacha ón Aontas chuig na tríú tíortha a mhéadú ionas gur féidir lenár sochaithe muinín a bheith acu as cumas na rialtas an imirce a bhainistiú agus acmhainní a dhíriú orthu siúd a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu. Le beartas éifeachtach um fhilleadh, tabharfar teachtaireacht shoiléir freisin do gach náisiúnach tríú tír nach bhfuil riachtanais chosanta acu, iad á ndíspreagadh ó thurais chontúirteacha chuig an Aontas Eorpach a dhéanamh agus cuideofar le cosc a chur ar bheatha daoine a chur i mbaol.

Níl aon réiteach tapa ann chun beartas éifeachtach um fhilleadh a bhaint amach. Is próiseas casta fadálach é a bhfuil baint ag comhlachtaí/údaráis iomadúla sna Ballstáit agus i dtríú tíortha leis.

Chun beartas éifeachtach um fhilleadh a bheith againn, thar aon ní eile, tá creat dlíthiúil cothrom le dáta de dhíth orainn, creat lenar cheart aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mBallstát agus lenar cheart a chur ar ár gcumas leanúint ar aghaidh le filleadh a dhéanamh ar bhealach tapa éifeachtach. D'éist an Coimisiún Eorpach leis an iarraidh ónár gceannairí togra a chur i láthair go tapa le haghaidh reachtaíocht nua maidir le filleadh, togra a cuireadh i láthair i mí an Mhárta. Ó shin i leith, tá ár saineolaithe an-ghnóthach agus iad i mbun plé ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán um Fhilleadh lena mbunaítear córas coiteann de chuid an Aontais um fhilleadh agus lena gcinntítear go gcuireann forálacha an togra sin ar chumas na n-údarás dul ar aghaidh le filleadh tapa agus éifeachtúil a dhéanamh.

Tá an togra an-chasta agus mionsonraithe agus tá am de dhíth chun é a phlé. Mar sin féin, creidimid go bhfuil géarghá le rialacha nuashonraithe agus comhaimseartha a bheith i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh. Creidimid go daingean gur féidir linn, a bhuí lenár dtiomantas oibriú go dian ar an méid sin, agus a bhuí le hiarrachtaí leanúnacha na mBallstát, ár seasamh maidir leis an rialachán um fhilleadh atá beartaithe a bhunú faoi dheireadh Uachtaránacht na Danmhairge. Táimid ag brath ar thacaíocht na mBallstát san iarracht dhúshlánach seo.

Tá gnéithe nua éagsúla ag baint leis an rialachán um fhilleadh atá beartaithe. Ag an bplé a bheidh ann ag Comhairle CGB i mí Dheireadh Fómhair, ba mhaith linn díriú ar cheann de na gnéithe nua is mó — an t-aitheantas frithpháirteach éigeantach do chinntí um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstáit eile.

PUBLIC

**Aitheantas frithpháirteach**

Le blianta beaga anuas, ardaíodh saincheist an aitheantais fhrithpháirtigh go dtí an leibhéal is airde, agus d'iarr an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit cinntí a chéile um fhilleadh a aithint[1]. Ní uirlis nua é an t-aitheantas frithpháirteach agus comhaontaíodh é mar uirlis roghnach chomh luath le 2001. Athsheoladh na díospóireachtaí ar an uirlis sin den chéad uair i gcomhthéacs shainordú na Comhairle maidir leis an Treoir Athmhúnlaithe um Fhilleadh in 2018-2019. Cuireadh roinnt forálacha níos láidre le sainordú na Comhairle maidir leis an uirlis sin, ach ba chúis aiféala do roinnt Ballstát nach raibh réiteach suntasach ann maidir le haitheantas frithpháirteach do chinntí um fhilleadh san athmhúnlú.

Ina thogra le haghaidh an Rialacháin um Fhilleadh, neartaigh an Coimisiún go mór an t-aitheantas frithpháirteach trí aitheantas a thabhairt do chinntí um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstáit eile tar éis idirthréimhse. Measann an Coimisiún go bhfuil aitheantas frithpháirteach éigeantach ar cheann de na príomhchodanna den chomhchóras Eorpach um fhilleadh atá beartaithe ag an gCoimisiún.

Is é rún an Choimisiúin go seolfar, leis an aitheantas frithpháirteach éigeantach, teachtaireacht shoiléir ní hamháin chuig gach náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, ach chuig ár saoránaigh freisin, go ndéanfar, a luaithe a eiseofar cinneadh um fhilleadh i gceann de na Ballstáit, an cinneadh sin a chur chun feidhme ar fud limistéar Schengen ina iomláine. De réir an Choimisiúin, ba cheart, leis an aitheantas sin freisin, go ndéanfaí an t-éalú a dhíspreagadh agus gluaiseachtaí tánaisteacha a dhídhreasú, ar dúshlán tábhachtach fós iad, agus an filleadh deonach a threisiú. Ar an taobh praiticiúil, ba cheart, leis an aitheantas frithpháirteach, arna éascú le hOrdú Eorpach um Fhilleadh, lena ndéanfar, dar leis an gCoimisiún, na cinntí náisiúnta um fhilleadh a chomhlánú agus ina mbeidh príomheilimintí na gcinntí sin, go ndéanfaí na nósanna imeachta a shimpliú, an dúbláil a sheachaint agus go mbeadh na mBallstát in ann tabhairt faoin bpróiseas um fhilleadh, ní ón bhfíorthús, ach ón tráth a fhorfheidhmíonn siad an cinneadh um fhilleadh.

[1] Eg. Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 9 Feabhra 2023, 1/23.



PUBLIC

Le linn an phlé ar an rialachán um Fhilleadh atá beartaithe ag cruinnithe na meithle um Lánpháirtiú, Imirce agus Díbirt (IMEX Expulsion), chuir go leor Ballstát in iúl go bhfuil gá le solúbthacht agus go bhfuil an mbaol ann go mbeadh ualach riaracháin ann, a mhéid a bhaineann le haitheantas frithpháirteach agus leis an Ordú Eorpach um Fhilleadh freisin. Creideann go leor Ballstát go mbeidh saincheisteanna dlíthiúla, praiticiúla agus oibríochtúla éagsúla ina gcúis le staid ina mbeadh ualach níos lú ag roinnt le cinneadh náisiúnta um fhilleadh a eisiúint, agus é níos tapúla agus níos éifeachtaí é a eisiúint, seachas aitheantas a thabhairt do chinneadh a d'eisigh Ballstát eile.

Tuigeann an Uachtaránacht a thábhachtaí atá an comhartha a sheolfaí trí aitheantas frithpháirteach éigeantach a thabhairt do chinntí um fhilleadh, ach cloiseann sí freisin an iarraidh láidir ó na Ballstáit ar sholúbthacht. Creidimid go bhféadfaí é sin a bhaint amach trí athruithe áirithe a thabhairt isteach ar na forálacha a mhol an Coimisiún lena rialaítear aitheantas frithpháirteach éigeantach.

Dá bhrí sin, tá eisceachtaí breise curtha isteach ag an Uachtaránacht ina togra comhréitigh a mhéid a bhaineann le haitheantas frithpháirteach éigeantach. Níos tábhachtaí fós, i gcás ina meastar go mbeadh filleadh nó aistriú níos tapúla agus níos éifeachtaí mar thoradh ar chinneadh nua um fhilleadh a eisiúint, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit an bealach sin a leanúint d'fhonn filleadh tapa a áirithiú. Tá feidhm aige sin freisin i gcás ina n-aistrítear an náisiúnach tríú tír chuig Ballstát eile i gcomhréir le hAirteagal 23a de Chód Teorainneacha Schengen nó de bhun comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha. Soiléirítear a thuilleadh sa togra comhréitigh freisin nach gcumhdaítear cásanna Bhaile Átha Cliath.

Ina theannta sin, ***ba cheart níos mó ama a thabhairt do na Ballstáit sula mbeidh an t-aitheantas frithpháirteach éigeantach*** chun ullmhúchán níos fearr a áirithiú don chéim thábhachtach sin. Beidh an t-aitheantas frithpháirteach éigeantach trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhshocraithe, seachas an t-aon bhliain amháin a mhol an Coimisiún.

PUBLIC

Áirítear ar ***ghnéithe eile*** sa togra comhréitigh ón Uachtaránacht gan úsáid a bhaint as an Ordú Eorpach um Fhilleadh, rud a léiríonn imní na mBallstát maidir le hualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a sheachaint, agus deireadh a chur leis an sásra casta cúitimh chun costais a bhaineann le filleadh a aisíoc agus an cinneadh um fhilleadh arna eisiúint ag Ballstát eile á chur chun feidhme.

***Ba cheart go soláthrófaí***, leis na gnéithe sin, ***an tsolúbthacht is gá*** atá á lorg ag na Ballstáit.

Ar deireadh, lenár dtogra go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú amach anseo ar éifeachtacht an aitheantais fhrithpháirtigh éigeantaigh agus an deis a bheith ann leasuithe spriocdhírithe a mholadh, ba cheart go gcuideofaí linn sásra a sheasfaidh an aimsir a bheith againn.

Creideann an Uachtaránacht gur cheart go gcuirfeadh na gnéithe thuasluaite go léir, lena dtugtar solúbthacht bhreise do na Ballstáit, ar ár gcumas aitheantas frithpháirteach éigeantach a bheith againn san Aontas Eorpach go luath amach anseo do chinntí um fhilleadh, rud a thabharfadh teachtaireacht láidir nach féidir filleadh a sheachaint díreach trí éalú chuig Ballstát eile agus, ag an am céanna, é á áirithiú go dtarlóidh fillteacha ar an mbealach is tapúla agus is gasta is féidir. Is réimse den Rialachán é sin freisin ina mbeidh sé ríthábhachtach do na Ballstáit a léiriú go bhfuil siad toilteanach teacht ar chomhréiteach d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an togra.

***Ag an bplé a bheidh ann ag Comhairle CGB i mí Dheireadh Fómhair, iarrtar ar na hAirí glacadh leis an réiteach a leagtar amach thuas chun aitheantas frithpháirteach éigeantach a thabhairt ar chinntí um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstáit eile.***

***Iarrtar ar na hairí freisin trácht a dhéanamh ar raon feidhme agus ar chineál na n-eisceachtaí breise ar aitheantas frithpháirteach éigeantach d'fhonn an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir acmhainneacht iomlán an aitheantais fhrithpháirtigh a bhaint amach agus solúbthacht a choinneáil ag an am céanna.***